An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir Nuashonraithe do Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais

## Do bhunscoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta

Eanair 2021

## Réamhrá

Cuireann an treoir leasaithe seo ón Roinn Oideachais (RO) comhairle ar fáil faoin tslí inar féidir le scoileanna agus le múinteoiri príomhshrutha tacú le leanúnachas na foghlama do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais le linn dúntaí scoileanna a bhaineann le COVID-19. Tógann an treoir ar na príomhtheachtaireachtaí i raon d'ábhair threoracha a eisíodh do scoileanna agus ionaid oideachais de réir mar a foilsíodh iad (Aguisín 1). D'fhoilsigh an Roinn treoir ar leith chun tacú le scoileanna i gcomhthéacs an teagaisc agus na foghlama ó chian i gcomhthéacs Covid-19:

- *Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gcomhthéacs Covid: Meán Fómhair - Nollaig 2020*; https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/reoir-maidir-le-cianfhoghlaim-i-gcomhtheacs-covid-mean-fomhair-nollaig-2020/ (Roinn Oideachais, Deireadh Fómhair 2020*)*

Cuireadh leis seo le hImlitir 0074/2020 ón Roinn Oideachais maidir le hArdáin Dhigiteacha Cumarsáide, Teagaisc agus Foghlama a bhunú: https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0074_2020_ir.pdf

Tá an treoir seo ceaptha le cuidiú le bunscoileanna príomhshrutha agus speisialta agus iad ag iarraidh tacú le teagasc agus foghlaim do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) trí chuir chuige cianteagaisc.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ngá atá ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu le scolaíocht go rialta agus go leanúnach. Cé gur gá tacú le gach dalta chun iad a choimeád gafa leis an bhfoghlaim, áirítear daltaí le RSO i measc na ndaltaí a bhfuil an tacaíocht is mó de dhíth orthu ag an am seo. Go deimhin, thug a lán scoileanna raon straitéisí agus beart tugtha isteach le linn an chéad dúnta lena chinntiú go raibh freastal ar riachtanais daltaí le RSO. Tá samplaí de na straitéisí sin mar bhonn leis an nóta treorach seo.

Tá an Roinn buíoch do na scoileanna agus na múinteoirí rannpháirteacha as a gcleachtas a roinnt. Tá an Roinn faoi chomaoin freisin as an gcomhairle a chuir raon leathan páirtithe leasmhara ar fáil nuair a bhí an treoir seo á hullmhú.

### Príomhthéamaí na treorach seo

- Ról scoileanna agus múinteoirí maidir le bheith gafa le daltaí RSO
- Múinteoirí agus ceannairí scoile ag obair chun tacú le daltaí le RSO
- Teagmháil a choinneáil le tuismitheoirí agus caomhnóirí
- Daltaí le RSO a choinneáil slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama
- Acmhainní do mhúinteoirí

## Ról scoileanna agus múinteoirí maidir le bheith gafa le daltaí le RSO

D'fhéadfadh daltaí le RSO a bheith an-leochaileach agus iad ag iarraidh dul i dtaithí ar easnamh na scoile, ar athruithe ina ngnáthaimh laethúla, agus gan a gcairde ná a múinteoirí le feiceáil acu. Tá sé ríthábhachtach go gcoimeádtar daltaí le RSO i dteagmháil leis an bhfoghlaim agus leis an scoil trí theagmháil lena múinteoirí ag an am seo.

### Ról na múinteoirí ranga

I ngach scoil, leanann freagracht iomlán na múinteoirí ar oideachas a ndaltaí, ina measc freagrachtaí dóibh siúd le RSO. Le linn na tréimhse dúnta seo, is cóir do mhúinteoirí ranga príomhshrutha leanúint le tascanna a idirdhealú go cuí chun iad a oiriúnú do riachtanais foghlama dhaltaí le RSO. Is cóir dóibh rath an chuir chuige idirdhealaithe seo a thomhas, más féidir, trí iarrachtaí dhaltaí a mheas agus is cóir dóibh aiseolas a sholáthar go rialta do thuismitheoirí agus caomhnóirí agus do dhaltaí ar laethanta agus ag amanna a aontaítear. Cé go mbeidh sé riachtanach aischothú éagsúil a sholáthar ón aiseolas a sholáthraítear i suíomh ranga, is cóir do mhúinteoirí díriú ar iarrachtaí dhaltaí a dhearbhú agus iad a spreagadh chun leanúint lena n-iarrachtaí agus torthaí na rannpháirtíochta a úsáid chun tuilleadh idirdhealaithe a sholáthar ina gclár. Is cóir do mhúinteoirí príomhshrutha dul i gcomhairle lena gcomhghleacaithe agus leis an bhfoireann RSO chun cur chuige comhordaithe scoile uile a dheimhniú don obair a bheidh á dáileadh ar dhaltaí le RSO. Ba chóir do mhúinteoirí i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta gach iarracht a dhéanamh le teagmháil a choimeád lena ndaltaí go léir, agus más cuí, soláthar a dhéanamh do thacaí ar líne duine le duine. Ba chóir dóibh freisin béim a leagan ar dheiseanna do dhaltaí foghlaim ina dtimpeallacht baile, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí struchtúrtha a bhaineann le scileanna saoil agus maireachtáil neamhspleách.

| |
|---|
| *Sampla 1: Scoil Speisialta (Míchumas Foghlama Dian / Trom)*<br><br>*Bíonn an múinteoir ranga mar phointe teagmhála scoile na dtuismitheoirí agus bíonn siad i dteagmháil go rialta ar an téacs agus ar an bhfón. Tá an múinteoir tar éis amchlár agus spriocanna a aontú do na daltaí agus tá acmhainní a bhfuil taithí orthu curtha abhaile. Ina measc, tá nithe a bhaineann le gníomhaíochtaí bríocha, le háiteanna agus daoine, nithe do chleachtaí suaimhnis, raon cnaguirlisí ceoil agus iPad a bhfuil aipeanna ábhartha curtha orthu cheana féin. Déanann an múinteoir rogha gearrscéalta, rímeanna agus amhráin a réamhthaifead go seachtainiúil agus a chur abhaile ar ríomhphost. Déanann tuismitheoirí na ndaltaí samplaí de fhreagairtí na ndaltaí a thaifead agus a chur ar ais chuig an múinteoir.* |

*Sampla 2: Rang Speisialta Luath-Idirghabhála NSU (Ceangailte le Bunscoil)*

*Cuireann an múinteoir glaoch gutháin ar na tuismitheoirí trí huaire sa tseachtain. Seoltar spriocanna seachtainiúla aontaithe, bunaithe ar phlean tacaíochta an dalta, chuig na tuismitheoirí tríd an ríomhphost. Bíonn fócas na spriocanna ar fhéinrialú, maireachtáil fheidhmiúil agus scileanna cumarsáide. Bíonn an múinteoir i dteagmháil leis na daltaí gach lá ar an bhfón. Ullmhaíonn an múinteoir pacáiste ina mbíonn sceidil amhairce, Córas Cumarsáide le Malairt Phictiúir (PECS) agus acmhainní suaimhneasacha, mar aon le leidchartaí amhairce chun tacú leis an aistriú, bristí céadfacha, agus rialachán mothúchánach. Ullmhaíonn agus roinneann an múinteoir paca struis freisin. Cuireann an múinteoir nuashonrú seachtainiúil ar fáil, don phríomhoide, ar dhul chun cinn agus ar fholláine gach dalta atá sa rang speisialta luath-idirghabhála.*

## Ról an mhúinteora oideachais speisialta

Tá ról lárnach ag an múinteoir oideachais speisialta (MOS) le leanúnachas foghlama a dheimhniú i bhfoghlaim daltaí le RSO. Dá bhrí sin, is cóir do MOS a bheith i dteagmháil agus gafa go rialta le daltaí atá mar chuid dá gcásanna cúraim.

Cuirfidh an t-eolas atá ag an MOS ar phríomhriachtanais foghlama a ndaltaí agus ar na spriocanna a aontaíodh, mar atá i gcomhad tacaíochta an dalta, ar a gcumas oibriú le tuismitheoirí agus caomhnóirí chun tacaíochtaí cuí a roghnú i suíomh cianfhoghlama. Is cóir don MOS breathnú go cúramach ar an tslí inar féidir cur go réasúnta leis an dul chun cinn ar na spriocanna foghlama atá ann cheana tríd an bhfoghlaim sa bhaile. Is cóir dóibh an t-eolas seo a úsáid sa chumarsáid le daltaí agus a dtuismitheoirí agus a gcaomhnóirí agus a fháil amach cé na modhanna is fearr a oibreoidh don leanúnachas i bhfoghlaim na ndaltaí.

Agus iad ag tacú le foghlaim daltaí le RSO, tá na gnéithe seo de ról an MOS tábhachtach:

- Teagmháil a bheith acu le múinteoirí ranga príomhshrutha chun clár oibre oiriúnach a dheimhniú don dalta le RSO; is cóir don chlár a bheith oiriúnaithe go pearsanta, a mhéid agus is féidir, do riachtanais an dalta
- Pleananna tacaíochta an dalta a athbhreithniú chun gnéithe den chlár a aithint ar féidir obair a dhéanamh orthu sa timpeallacht baile
- Teagmháil ghníomhach a bheith acu le tuismitheoirí agus caomhnóirí an dalta chun clár oibre a aontú, ag cur san áireamh a n-acmhainn chun cumarsáid a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge
- Roghanna teicneolaíochta agus acmhainne atá ar fáil ag an múinteoir agus ag na daltaí a aithint agus a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim
- Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí feidhm a bhaint as an teicneolaíocht a úsáidtear sa scoil, más féidir agus más infheidhmithe, chun tacú le gafacht na ndaltaí leis an fhoghlaim

- Deiseanna a sholáthar go rialta don dalta le bheith gafa leis an MOS ag baint úsáid as ardáin éagsúla de réir mar a oireann agus mar atá ar fáil
- Más féidir, sainacmhainní nó tacaíochtaí aonair a roinnt le tuismitheoirí agus caomhnóirí, mar shampla, iad siúd a thugann suaimhneas agus rialtacht do dhaltaí le huathachas
- Béim a leagan ar dheiseanna do dhaltaí le riachtanais speisialta foghlaim sa timpeallacht baile, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí struchtúrtha a bhaineann le scileanna saoil agus le maireachtáil go neamhspleách.

*Sampla 3: Ag tacú le Dalta a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais (NSU) agus neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde acu (NHEA)i Rang Príomhshrutha*

*Is é/í an MOS an duine ainmnithe scoile do theaghlach an dalta. Cuireann sé/sí glaoch ar na tuismitheoirí ar a laghad faoi dhó sa tseachtain agus tá plean tacaíochta baile curtha le chéile aige/aici. Chuir sé/sí pacáiste abhaile ina raibh acmhainní agus ábhair a raibh taithí orthu. Chuir sé/sí comhairle ar thuismitheoirí freisin faoi thimpeallacht foghlama struchtúrtha a chruthú sa bhaile. Cuireann an MOS Sudoku agus puzail focal chuig an dalta ar ríomhphost gach seachtain, agus tá meabhairmhapaí in úsáid chun tionscnamh staire a phleanáil. Gach Aoine, baineann an MOS úsáid as teicneolaíocht físchomhdhála chun cluiche boird le scileanna sóisialta coitianta a óstáil leis an dalta agus le piaraí. Tagann sé seo sa bhreis ar thacaíocht an mhúinteora ranga.*

**Seo roinnt bealaí praiticiúla inar féidir le múinteoirí oideachas speisialta a bheith i dteagmháil lena ndaltaí:**

- Guthán
- Pacáistí oibre cruachóipe a sholáthar do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí
- R-phost
- Aipeanna físchumarsáide ar líne ar nós Skype agus Seesaw
- Ardáin chlosamhairc ar líne ionas gur féidir labhairt leis an tuismitheoir agus an dalta, agus iad a fheiceáil, agus tacaíocht foghlama ar líne a sholáthar.

## Ról na gcúntóirí riachtanas speisialta

Tugann an taithí ó na dúnta scoile deiridh gur féidir le CRSanna, ag obair faoi stiúir an mhúinteora ranga / na foirne MOS leanúint de ról tábhachtach a bheith acu ag tacú le daltaí le riachtanais chasta agus a dteaghlaigh. Go háirithe, is féidir leis an CRS feidhmiú mar theagmhálaí idir an scoil agus na daltaí/teaghlaigh seo, guth an tuismitheora agus an dalta a ghabháil agus é seo a sheoladh ar ais chuig an MOS agus chuig an múinteoir ranga. Chomh maith leis seo is féidir leis an CRS comhairle luachmhar a thabhairt do thuismitheoirí maidir leis an gcaoi a dtugtar tacaíocht do riachtanais a bpáiste de ghnáth le linn an lae scoile.

### Samplaí de ról CRS ag tacú le cianoideachas

Ag obair faoi stiúir an phríomhoide agus an mhúinteora ranga (na múinteoirí ranga) ba chóir do CRSanna:

- Bheith i dteagmháil leis na daltaí a dtugann siad tacaíocht dóibh de ghnáth ar scoil e.g. trí chuidiú le scéalta sóisialta a sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le scileanna cuí déileála agus suaimhnithe
- Páirt a ghlacadh agus tacaíocht a thabhairt d'obair thuismitheoirí na leanaí ar a riar cásanna trí eolas a chur ar fáil maidir le bainistiú ar iompraíocht
- Obair ar acmhainní/ábhair oideachasúla nó teiripe a sholáthar i gcomhar leis an múinteoir agus foireann MOSanna
- Páirt a ghlacadh i gcuinnithe foirne agus na gnáthchruinnithe go léir eile ag baint úsáid as teicneolaíocht ar líne nó ar an nguthán, más rud é nach bhfuil córais ar líne ar fáil.

*Sampla 4: Ról CRS ag Tacú le Dalta le NSU agus ról CRS ag tacú le dalta le huathachas agus NHEA i Rang Príomhshrutha*

*Faoi stiúir an mhúinteora ranga / MOS, déanann an CRS caidreamh le tuismitheoirí linbh ar a riar cásanna ar a laghad dhá uair sa lá chun cuidiú le sceideal do lá an linbh a fhorbairt agus a choimeád. Déanann an CRS seiceáil lena chinntiú gur féidir leis na tuismitheoirí teacht ar na hacmhainní/ábhair oideachais a sholáthraíonn an múinteoir agus aiseolas a thabhairt don mhúinteoir maidir le méid rannpháirtíocht an linbh le tascanna sannta.*

## Múinteoirí agus ceannairí scoile ag obair chun tacú le daltaí le RSO

Éilíonn na dúntaí reatha ar scoileanna agus ar mhúinteoirí bealaí nua a úsáid chun leanúnachas foghlama a dheimhniú do dhaltaí le RSO fad a bhíonn siad lasmuigh de thimpeallacht na scoile. Mar sin féin, beidh na bealaí nua seo bunaithe ar na céimeanna céanna a bhíonn mar bhonn le cleachtais mhúinteoirí i suíomhanna scoile: pleanáil; cur i bhfeidhm; monatóireacht; agus athbhreithniú. Nuair a bhíonn obair, le déanamh sa bhaile, á dáileadh ar dhaltaí RSO, is cóir do scoileanna agus do mhúinteoirí a bheith san airdeall faoi na brúnna atá ar theaghlaigh áirithe agus gan ró-ualach, le han-chuid obair bhaile, a leagann ar dhaltaí go mb'fhéidir go mbeidh cúnamh de dhíth orthu ó dhuine fásta.

Tá a lán réiteach ar dhúshlán na cianfhoghlama in úsáid go sásúil ag scoileanna agus tá samplaí dá leithéid ar fáil thíos. Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil fáil ar sheirbhísí tacaíochta agus ar phearsana na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus ar shíceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) chun tacú le scoileanna le cuidiú leo cuir chuige i leith na cianfhoghlama a dhearadh do

dhaltaí le RSO. Tá sonraí ar raon na dtacaí sin ar fáil sna haguisíní. Mar aon leis sin, d'fhéadfadh scoileanna breathnú an féidir leo nascadh le gníomhaireachtaí tacaíochta nó pobail atá lonnaithe go háitiúil, lena n-áirítear eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, chun cuidiú leo leis an ngnó seo.

Is cóir an clár oibre do dhaltaí le RSO a bhainistiú agus a chomhordú ag leibhéal na scoile uile, ina mbeidh bainistíocht na scoile, an fhoireann oideachas speisialta agus na múinteoirí ranga páirteach. Is cóir é seo a bheith treoraithe ag na prionsabail mar atá i *Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2017)* na Roinne. Is cóir do scoileanna na hacmhainní teagaisc don oideachas speisialta atá ar fáil dóibh a úsáid lena dheimhniú go leantar leis na leibhéil chuí tacaíochta a sholáthar do dhaltaí le RSO, de réir mar a oireann don leibhéal riachtanais atá acu. Mar atá le tacaí aghaidh ar aghaidh, ba chóir do scoileanna deimhin a dhéanamh de gurb iad na daltaí leis an leibhéal is mó riachtanas a fhaigheann na léibhéil is mó tacaíochta le linn teagaisc agus foghlama ó chian. Más féidir, ba chóir teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, a cuireadh ar fáil do na daltaí le húsáid i scoileanna, a chur ar fáil le húsáid sa timpeallacht bhaile.

Is cóir don phleanáil a bheith dírithe ar an dalta agus ailínithe leis na spriocanna foghlama mar atá i gcomhad tacaíochta an dalta. Is cóir í a bheith bunaithe ar chúinsí an dalta aonair agus ar riachtanais tuismitheoirí agus caomhnóirí agus daltaí ag an am seo. Nuair a bhíonn clár oibre á phleanáil do dhaltaí le RSO, tá sé tábhachtach a dheimhniú:

- Go mbíonn teagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí lena chinntiú gur féidir leibhéal tacaíochta réalaíoch a sholáthar gan ró-ualach a chur ar an tuismitheoir ná ar an teaghlach
- Go mbíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí lán-eolasach ar na tacaíochtaí, na hacmhainní agus na cuir chuige foghlama atá in úsáid ag an múinteoir ranga agus ag an MOS chun a leanbh a bheith gafa i ngníomhaíochtaí foghlama
- Is cóir do phríomhoidí i scoileanna speisialta agus scoileanna le ranganna spesialta a chinntiú go mbaineann an scoil úsáid as raon iomlán a hacmhainní lena chinntiú go dtugtar tacaíocht do na daltaí go léir, lena n-áirítear trí thacaí ar líne duine le duine, más cuí
- Go mbíonn príomhphearsana ar fáil lena n-áirítear múinteoirí agus baill foirne eile, agus foireann theiripeach, chun tacaíochtaí a sholáthar do dhaltaí
- Go mbíonn acmhainní teicneolaíochta agus teagaisc ar fáil do mhúinteoirí, téacsleabhair ar líne san áireamh, chun tacú leo ina gcuid oibre
- Go mbíonn deiseanna ag múinteoirí na scoile chun comhoibriú agus cleachtas agus acmhainní a roinnt; is cóir deiseanna a bheith ag múinteoirí chun an saineolas TFC atá acu a roinnt le MOSanna agus le múinteoirí eile
- Go mbíonn aird chuí ar pholasaí na scoile faoi shábháilteacht ar líne i dtimpeallacht na cianfhoghlama do dhaltaí le RSO, go háirithe mar a bhaineann

le húsáid slán agus eiticiúil an idirlín, sonraí pearsanta a choinneáil slán, agus cosaint leanaí[1].

Ó athosclaíodh na scoileanna i Meán Fómhair 2020, bhain formhór na scoileanna úsáid as teicneolaíocht dhigiteach chun dul chun cinn na ndaltaí a phlé agus chun athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar spriocanna foghlama. Beidh cur chuige mar sin chomh tábhachtach céanna le linn an dúnta scoile seo.

Beidh príomhról ag foireann ceannaireachta na scoile ar an iarracht scoile uile a mhonatóiriú agus a dhearbhú chun comhleanúnachas a dheimhniú agus chun cleachtas comhroinnte a chothú. Beidh ról freisin ag an bhfoireann seo, ar a bhfuil an príomhoide agus iad siúd a bhfuil dualgais bhainistíochta agus chomhordaithe dáilte orthu, chun múinteoirí a spreagadh agus a thacú nuair a bhíonn a gcleachtais i leith na cianfhoghlama á bhforbairt acu do dhaltaí le RSO agus chun tacaíocht a dheimhniú d'fholláine múinteoirí nuair a bhíonn siad gafa leis na dúshláin nua.

## Coinneáil i dteagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí

Ag an am seo, ní mór do scoileanna agus do mhúinteoirí a bheith tuisceanach maidir leis na dúshláin a bhíonn ag teaghlaigh agus iad ag iarraidh struchtúr a sholáthar dá leanaí agus cuidiú lena ngafacht sa bhfoghlaim. Tá sé tábhachtach a mheabhrú freisin nach múinteoir é/í an tuismitheoir agus nach féidir a bheith ag súil go nglacfaidh sé/sí áit an mhúinteora. Is é ról an tuismitheora ná tacú le gafacht an linbh leis an bhfoghlaim a mhéid agus is féidir go praiticiúil.

Beidh an chumarsáid éifeachtach agus rialta idir an scoil agus an baile ríthábhachtach lena dheimhniú go dtuigeann an uile dhuine na róil, cuir chuige agus ionchais atá ag athrú ach atá riachtanach sna cúinsí dúshlánacha atá againn faoi láthair. Is cóir do scoileanna a chur i gcuimhne do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí go bhfuil sé tábhachtach am agus spás a chruthú gach lá dá leanbh chun leanúint leis an bhfoghlaim. Is cóir do scoileanna a bheith ag obair ar chomhordú na bpríomhtheachtaireachtaí do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí leanaí le RSO agus a dheimhniú go mbíonn tuin na dteachtaireachtaí tacúil agus go léirítear tuiscint ar shuíomh eisceachtúil na dteaghlach. Ní mór do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí comhaontú a bheith eatarthu maidir leis na prótacail chumarsáide le teaghlaigh ionas gur féidir sonraí pearsanta na dteaghlach agus na múinteoirí a chosaint.

Is cóir do MOSanna teagmháil a choinneáil go rialta le tuismitheoirí agus caomhnóirí na ndaltaí atá faoina gcúram, cé go mb'fhéidir nach mbeidh ach teagmháil chúirtéise chun seiceáil isteach, comhrá tacúil ginearálta nó éisteacht le hábhar imní an tuismitheora i

---

[1] Chun comhairle a fháil maidir le freagairt d'ábhar buartha a bhaineann le cosaint leanaí faoi dhaltaí ina mbíonn teagmháil ag scoileanna agus ag múinteoirí leo, féach le do thoil ar: Treoir do Leanúnachas Scolaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna a d'fhoilsigh an Roinn ar 2 Aibreán 2020.

gceist le roinnt comhráítí tosaigh. Ba chóir don MOS eispéiris na ndaltaí roimhe le RSO le linn an dúnta 2020 a phlé le tuismitheoirí sa chaoi is gur féidir leis an scoil tógáil ar ghnéithe dearfacha den tacaíocht ar líne agus obair chun deacrachtaí a bhí ann roimhe seo a laghdú. Is féidir le MOSanna, más cuí, tuismitheoirí agus caomhnóirí a chomhairliú faoin tslí le foghlaim a leanaí a thacú le gníomhaíochtaí foghlama 'indéanta' ina mbíonn fócas soiléir ar fhoghlaim-baile seachas ar theagasc-baile. Do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí leanaí a bhfuil riachtanais níos casta acu, beidh gá le teagmháil go laethúil le tuismitheoirí agus caomhnóirí.

**Seo a leanas roinnt roghanna do MOSanna nuair a bhíonn siad i dteagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí dhaltaí aonair le RSO:**

- Moladh a thabhairt don mhéid atá déanta go dtí seo ag tuismitheoirí agus caomhnóirí agus a thabhairt le fios dóibh go bhfuil an iliomad deiseanna foghlama dá leanbh sa bhaile agus mórthimpeall an bhaile, mar shampla, gníomhaíochtaí fisiciúla
- Béim a leagan ar thábhacht an tsúgartha, struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha araon, go háirithe d'fhoghlaimeoirí níos óige
- Tuismitheoirí agus caomhnóirí a ghríosadh chun cúram a ghlacadh dá sláinte agus dá bhfolláine féin mar go dtosaíonn folláine leanaí RSO le folláine tuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí
- Na daltaí a bheith páirteach, más féidir, sa chomhaontú faoi mhéid an chláir oibre
- Tacú le tuismitheoirí agus caomhnóirí chun brabhsálaithe gréasáin agus scagairí idirlín soláimhsithe do leanaí a shuiteáil nó chun uirlisí foghlama digiteacha a rochtain
- Comhairle a chur ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí faoi noda oiriúnacha agus na cuir chuige is fearr dá leanbh atá ar aon dul, a mhéid agus is féidir, leis an gcur chuige a bhíonn i dtimpeallacht na scoile.

## Daltaí le RSO a choinneáil slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama

Tá coinneáil slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama ríthábhachtach do scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí, agus daltaí. Chun treoir a fháil ar an ábhar seo, féach ar *Imlitir 0074/2020: Ardán Cumarsáide/Teagaisc & Foghlama* ón Roinn, a chuireann comhairle ar fáil faoi úsáid slán agus eiticiúil an idirlín i rith na cianfhoghlama agus ar shonraí pearsanta a choinneáil slán nuair a bhítear ag obair ón mbaile. Is cóir do scoileanna a dheimhniú, ach go háirithe, go mbíonn an *Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI)* mar bhonn agus mar threoir do ghníomhaíochtaí cianfhoghlama chun tacú le gafacht i ngach cineál múnla.

Mar aon leis an gcomhairle sin, is cóir do scoileanna:

- taighde a dhéanamh ar aipeanna agus ar ardáin foghlama ar líne atá in úsáid de réir na treorach atá á soláthar ag an SFGM ar an suíomh gréasáin Teicneolaíocht san Oideachas
- leanúnachas a léiriú sna hardáin a bhíonn in úsáid, go háirithe do dhaltaí le huathachas
- feasacht dhaltaí ar na hardáin a dheimhniú sula n-úsáidtear iad chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim
- tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí, de réir mar is gá, chun uirlisí foghlama digiteacha a rochtain dá leanaí agus chun brabhsálaithe gréasáin agus scagairí idirlín, atá soláimhsithe do leanaí, a shuiteáil


Is cóir do mhúinteoirí freisin:

- an deis a thapú chun scileanna sábháilteachta idirlín a theagasc, ar nós abhatáranna a úsáid in ionad fíor ghrianghraif
- bunrialacha agus ionchais shoiléire a shocrú le tuismitheoirí, caomhnóirí agus daltaí nuair a bhíonn ardáin foghlama ar líne in úsáid
- staidiúir choirp chuí a mhealladh i ndaltaí, ag cur amharcleideanna agus físeán ar fáil más gá.

## Acmhainní do mhúinteoirí

Tá a lán acmhainní ar líne ar fáil chun tacú le hoideachas daltaí le RSO. Cé go raibh a lán de na hacmhainní seo ann sular dúnadh scoileanna, tá roinnt suíomhanna gréasáin tar éis an t-ábhar atá acu a nuashonrú, rud a léiríonn na dúshláin a bhaineann le tacaíochtaí a sholáthar go cianda. Ní liosta uileghabhálach atá i gceist leis an liosta atá curtha ar fáil in Aguisín 2. Tá úsáid á baint ag a lán scoileanna cheana féin as na hacmhainní atá luaite agus as acmhainní eile freisin. Ba chóir a nótáil nach dtugann an RO faomhadh d’aon uirlisí nó acmhainní seachtracha ar leith.

## Aguisín 1: Cáipéisí treorach a chuir an Roinn Oideachais ar fáil chun tacú le scoileanna 2020/21

| **Bunscoil** ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/ | | |
|---|---|---|
|  | **Ag filleadh ar Scoil: Treoir Churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile**<br><br>Iúil 2020 | • Ceapadh an treoir seo chun cuidiú le ceannairí scoile agus le múinteoirí ullmhú don atosú ar an bhfoghlaim ar athoscailt na mbunscoileanna i Meán Fómhair 2020.<br><br>• Tugtar treoir ann maidir le hullmhú don fhilleadh ar scoil, cúrsaí curaclaim chun tacú leis an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnú, breis comhairle agus tacaíochta do scoileanna, agus eolas maidir le leasuithe curaclaim a chur ar sos |
|  | **Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le daltaí bunscoile atá in an-ardriosca ag COVID-19**<br><br>Lúnasa 2020 | • Cuirtear an treoir seo ar fáil chun tacú le scoileanna soláthar oideachais oiriúnaithe a dhéanamh do dhaltaí nach féidir leo filleadh ar scoil toisc go bhfuil teastasú leighis déanta ina leith go bhfuil siad in an-ardriosca ag COVID-19.<br><br>• Cuideoidh an soláthar oideachais oiriúnaithe seo lena chinntiú gur féidir leis na daltaí seo nasc bríoch a choimeád lena rang agus lena scoil d'fhonn leanúint lena bhfoghlaim go rathúil ón mbaile. Tugtar roghanna ann do scoileanna maidir leis an soláthar seo a éascú, róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara atá i gceist, léargas |

| | | |
|---|---|---|
| | | ar bhunphrionsabail an tsoláthair oiriúnaithe seo agus sonraí maidir le tacaí breise ar fáil do scoileanna. |
| <br>An Roinn Oideachais agus Scileanna<br>Department of Education and Skills<br>Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gcomhthéacs Covid: Meán Fómhair - Nollaig 2020<br>Do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta<br>08 Deireadh Fómhair 2020 | **Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair-Nollaig 2020** | • Sa treoir seo ón Roinn leagtar amach an chaoi iar chóir do scoileanna pleanáil a dhéanamh agus tacú le foghlaim na ndaltaí i roinnt cásanna a d'fhéadfadh tarlú le linn na scoilbhliana 2020/21. Ó tharla nach féidir tuar a dhéanamh maidir leis an méid a bheidh gá le dúnta scoileanna go iomlán nó i bpáirt, b'fhéidir go dtarlóidh sé go molfar do dhuine aonair nó do ghrúpaí daltaí agus múinteoirí féin-aonrú ar roinnt ócáidí le linn na scoilbhliana.<br><br>• Tugtar roinnt cásanna agus samplaí oibrithe ann do leanúnachas na scolaíochta le linn tréimhsí de dhúnadh scoileanna i bpáirt nó go hiomlán. |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna<br>Department of Education and Skills<br><br>27 August 2020 | **Treoir Sláinte Poiblí - Litir chuig Scoileanna**<br><br>**27 Lúnasa 2020** | • Sa litir seo, a eisíodh le príomhoidí scoile, tugtar cur síos ar an eolas atá sa cháipéis *Cosán Scoileanna* do Covid-19, ag leagan amach cur chuige na Sláinte Poiblí i dtaca leis an mbainistiú ar chásanna dearbhaithe aonair Covid-19 laistigh de phobal na scoile, agus freisin na prionsabail a bbheidh mar bhonn leis an mbainistiú ar ráigeanna nó ráigeanna féideartha agus an straitéid tástála ailínithe laistigh d'áis oideachais. |

## Aguisín 2: Tacaí CNOS do scoileanna agus do thuismitheoirí

### Do mhúinteoirí i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta a bhfuil teagasc agus foghlaim ó chian á sholáthar acu

- Tá roinnt comhairleoirí tiomnaithe ag CNOS i réimse na hiompraíochta, an uathachais agus riachtanais speisialta oideachais eile. Tá líne gutháin á bhunú ag CNOS lenar féidir le múinteoirí i scoil speisialta nó rang speisialta labhairt go díreach le comhairleoir. Is í an uimhir ghutháin nua seo 01 603 3233 (ón Luan 11 Eanáir).
- Beidh tacar iomlán nua de ghearrfhíseáin á fhorbairt ag CNOS do mhúinteoirí ar an gcaoi is fearr le tacú le leanaí agus daoine óga le riachtanais speisialta oideachais nuair atá siad ag foghlaim ó chian. Áireofar leo seo noda agus straitéisí chun foghlaimeoirí a mhealladh le foghlaim ar líne chomh maith le comhairle níos ginearálta faoi thacú le folláine scoláirí.
- Tá Seirbhís Múinteoirí ar Cuairt ag CNOS a chuireann tacaíocht dhíreach ar fáil do leanaí atá dall nó a bhfuil lagamharc orthu agus leanaí atá bodhar nó a bhfuil lagéisteacht orthu, agus dá múinteoirí. Leanfar den tseirbhís seo a chur ar fáil ar líne.
- Is féidir le scoileanna leanúint den rochtain ar thacaíocht ar líne CNOS https://ncse.ie/school-support a chuirtear ar fáil i bhfoirm tacaíochta gutháin, tacaíochta r-phoist nó le físchomhdháil. Is féidir le múinteoirí i ranganna speisialta agus scoileanna speisialta tacaíocht a lorg atá sonrach dá riachtanais nó riachtanais na leanaí ina scoil/rang. Is iad comhairleoirí CNOS a dhearann an oiliúint shaincheaptha, le hionchur ó Chleachtóirí Iompraíochta, Teiripeoirí Saothair agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga de réir mar is gá agus cuirfear ar fáil í ag baint úsáid as ardáin chuí ar líne.
- Maidir le scoileanna a bhunaigh a gcéad Rang Speisialta NSU do 2020/21, sannadh comhairleoir caidrimh dóibh le linn an chúrsa oiliúna 4 lá i Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2020. Fanann na comhairleoirí seo sannta do na ranganna seo agus tá siad ar fáil chun tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don mhúinteoir ranga speisialta.
- Leanfaidh CNOS de raon de sheimineáir ar líne a sholáthar do mhúinteoirí https://ncse.ie/for-schools/connect-teacher-professional-learning-events-catalogue a chlúdaíonn raon topaicí lena n-áirítear tacú le leanaí le huathachas ar scoil, bainistiú dearfach iompraíochta, teicneolaíocht chúnta etc. Tá na cúrsaí seo ceaptha le cumas na múinteoirí a mhéadú le tacaíocht agus teagasc a thabhairt do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais.
- Tá Seirbhís Múinteoirí ar Cuairt ag CNOS a chuireann tacaíocht dhíreach ar fáil do leanaí atá dall nó a bhfuil lagamharc orthu agus leanaí atá bodhar nó a bhfuil lagéisteacht orthu, agus dá múinteoirí. Leanann Múinteoirí ar Cuairt de bheith ar

fáiil chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar. Tá sonraí teagmhála do mhúinteoirí ar cuairt ar fáil ag https://ncse.ie/vt_contact_details. Má bhíonn deacrachtaí ag múinteoirí teagmháil a dhéanamh lena Múinteoir ar Cuairt ba chóir dóibh glaoch ar 01 603 3200.

## Do mhúinteoirí leanaí le riachtanais speisialta oideachais i scoileanna príomhshrutha a bhfuil teagasc agus foghlaim ó chian á sholáthar acu

- Tá line gutháin tiomnaithe cruthaithe ag CNOS do mhúinteoirí chun comhairle a lorg maidir le teagasc agus foghlaim ó chian a sholáthar do leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Múinteoir a ghlaonn ar an líne seo, is féidir le rochtain a fháil ar roinnt comhairleoirí CNOS a bhfuil saineolas acu ar raon de riachtanais speisialta oideachais. Is í an uimhir ghutháin nua seo 01 603 3233 (ón Luan 11 Eanáir).
- Beidh tacar iomlán nua de ghearrfhíseáin á fhorbairt ag CNOS do mhúinteoirí ar an gcaoi is fearr le tacú le leanaí agus daoine óga le riachtanais speisialta oideachais nuair atá siad ag foghlaim ó chian. Áireofar leo seo noda agus straitéisí chun foghlaimeoirí a mhealladh le foghlaim ar líne chomh maith le comhairle níos ginearálta faoi thacú le folláine scoláirí.
- Is féidir le scoileanna leanúint den rochtain ar thacaíocht ar líne CNOS https://ncse.ie/school-support a chuirtear ar fáil i bhfoirm tacaíochta gutháin, tacaíochta r-phoist nó le físchomhdháil. Is féidir le múinteoirí i scoileanna príomhshrutha tacaíocht a lorg atá sonrach dá riachtanais nó riachtanais na leanaí ina scoil/rang. Is iad comhairleoirí CNOS a dhearann an oiliúint shaincheaptha, le hionchur ó Chleachtóirí Iompraíochta, Teiripeoirí Saothair agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga de réir mar is gá agus cuirfear ar fáil í ag baint úsáid as ardáin chuí ar líne.
- Beidh raon de sheimineáir á sholáthar ag CNOS de do mhúinteoirí https://ncse.ie/for-schools/connect-teacher-professional-learning-events-catalogue a chlúdaíonn raon topaicí lena n-áirítear tacú le leanaí le huathachas ar scoil, bainistiú dearfach iompraíochta, teicneolaíocht chúnta etc. Tá na cúrsaí seo ceaptha le cumas na múinteoirí a mhéadú le tacaíocht agus teagasc a thabhairt do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais.
- Tá raon iomlán acmhainní ag CNOS https://ncse.ie/teacher-resources a chlúdaíonn raon leathan topaicí, lena n-áirítear aipeanna úsáideacha chun cuidiú le teagasc agus foghlaim ó chian https://ncse.ie/useful-apps agus acmhainní úsáideacha eile a ullmhaíodh mar fhreagra ar an tréimhse dheiridh de thegasc agus foghlaim ó chian.
- Tá Seirbhís Múinteoirí ar Cuairt ag CNOS a chuireann tacaíocht dhíreach ar fáil do leanaí atá dall nó a bhfuil lagamharc orthu agus leanaí atá bodhar nó a bhfuil lagéisteacht orthu, agus dá múinteoirí. Leanann Múinteoirí ar Cuairt de bheith ar

fáiil chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar. Tá sonraí teagmhála do mhúinteoirí ar cuairt ar fáil ag https://ncse.ie/vt_contact_details. Má bhíonn deacrachtaí ag múinteoirí teagmháil a dhéanamh lena Múinteoir ar Cuairt ba chóir dóibh glaoch ar 01 603 3200.

## Do thuismitheoirí leanaí le riachtanais speisialta oideachais

- Tá líne gutháin tiomnaithe cruthaithe ag CNOS do thuisitheoirí chun comhairle agus tacaíocht a fháil ó Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSOnna). Tábharfaidh an ERSO tacaíocht agus comhairle do thuismitheoirí agus más ábhartha cuirfidh siad acmhainní sonracha ar fáil e.g. straitéisí iompraíochta, acmhainní folláine SNSO. Más gá is féidir le tuismitheoirí coinne a chur in áirithe ina dhiaidh sin leis an ERSO atá sannta do scoil a linbh. Is í an uimhir ghutháin nua seo 01 603 3456 (ón Luan 11 Eanáir).
- Do scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ag bogadh idir scoileanna i Meán Fómhair 2021, beidh caidreamh struchtúrtha ag ERSOnna leis na scoláirí ábhartha agus lena dteaghlaigh. Áireofar sa chaidreamh seo comhairle agus tacaíocht maidir le straitéisí aistrithe atá iomchuí don scoláire, chomh maith le tacaíocht chun socrúchán scoile a aimsiú más gá.
- Leanfaidh ERSOnna de shraith de sheimineáir ghréasáin a chur ar fáil do thuismitheoirí scoláirí le riachtanais speisialta oideachais a bhedh ag tosú sa bhunscoil i Meán Fómhair 2021.
- Tá Seirbhís Múinteoirí ar Cuairt ag CNOS a chuireann tacaíocht dhíreach ar fáil do leanaí atá dall nó a bhfuil lagamharc orthu agus leanaí atá bodhar nó a bhfuil lagéisteacht orthu, agus dá múinteoirí. Leanann Múinteoirí ar Cuairt de bheith ar fáiil chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí le linn na tréimhse seo de theagasc agus foghlaim ó chian. Beidh caidreamh struchtúrtha ag Múinteoirí ar Cuairt le teaghlaigh na scoláirí a dtugann siad tacaíocht dóibh faoi láthair. Áireofar sa chaidreamh seo seiceáil isteach ar dtús le comhairle faoi na tacaí agus acmhainní atá ar fáil. Go háirithe, tabharfaidh an Múinteoir ar Cuairt tacaíocht maidir le húsáid na teicneolaíochta cúnta sa bhaile. Aontóidh an Múinteoir ar Cuairt ar chlár caidrimh rialta leis an scoláire agus teaghllach de réir mar is gá agus fanfaidh sé/sí ar fáil chun freagairt d'fhiosruithe a thagann chun cinn le linn an tegaisc agus na foghlama ó chian. Tá sonraí teagmhála do mhúinteoirí ar cuairt ar fáil ag https://ncse.ie/vt_contact_details. Má bhíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh lena Múinteoir ar Cuairt ba chóir dóibh glaoch ar 01 603 3200.
- Beidh tacar iomlán nua de ghearrfhíseáin do thuismitheoirí á eisiúint ag CNOS freisin. Áireofar sna topaicí iompraíocht a bhainistiú; gnáthaimh dhearfacha a bhunú; sosanna gluaiseachta a bhunú etc.

- Beidh nuashonrú agus feabhsú á dhéanamh ag CNOS freisin ar a rao acmhainní do thuismitheoirí atá ar fáil ag https://ncse.ie/parent-resources, neart acu a cruthaíodh le tagairt ar leith don teagasc agus foghlaim ó chian.

## Aguisín 3: Acmhainní chun tacú le gafacht go leanúnach leis an bhfoghlaim

### Acmhainní SNSO

- Tá eolas luachmhar ar fáil ar láithreán na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) do scoileanna agus do theaghlaigh ar thopaicí ar nós folláine, cianfhoghlaim agus gnáthamh agus struchtúr a sholáthar do dhaltaí.
- Tá acmhainní ar litearthacht, pleanáil don aistriú srl. ar fáil ón SNSO sna Treoirlínte, Nodanna agus Bileoga do Thuismitheoirí agus i rannóg an Mhúinteora den leathanach idirlín Acmhainní agus Foilseacháin.

### Acmhainní ar leith don uathachas

- Dhá uair sa tseachtain, déanann an Middletown Centre for Autism seimineáir ghréasáin a ostáil ó aoichainteoirí ar an láthair agus go hidirnáisiúnta. Tá foghlaim ar líne do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí ar an timpeallacht fhíorúil foghlama agus tá acmhainní ar líne, ina measc físeáin, ar an tslí le straitéisí ar leith don uathachas a úsáid. Tá naisc chuig na meáin shóisialta ar an láithreán gréasáin (Facebook, Instagram, Pinterest agus Twitter) do nodanna chun cuidiú le leanaí agus daoine óga i rith Paindéim Covid-19. I measc na n-acmhainní úsáideacha eile, tá:
    - Acmhainn Déagóra
    - Acmhainn Scileanna Saoil
    - Acmhainn Thógáil Inniúlachta
    - Acmhainn Dea-chleachtais
    - Próiseáil Chéadfach
- Tá fáil ar an suíomh gréasáin AsIAm ar mhíniúcháin ar an suíomh COVID -19 do dhaltaí le NSU trí scéalta sóisialta a úsáid. Tá acmhainní don fhoghlaim sa bhaile mar aon le halt ón síciteiripeoir Michael Ryan ar conas ceisteanna mothúchánacha a láimhseáil san am lena bhfuilimid ag plé faoi láthair.

### Acmhainní don chianfhoghlaim

- Tá rochtain ar gach acmhainn cianfhoghlama ag an SFGM ar leathanach idirlín na SFGM ar an gcianfhoghlaim, ina measc tacaíocht ar líne do mhúinteoirí a bhfuil gá acu le huas- sciliú chun foghlaimeoirí a bheith gafa go cianda. Tá sraith tacaíochtaí cianfhoghlama ar Litearthacht Bhunscoile forbartha ag an SFGM agus tá fáil orthu anseo..
- Ar shuíomh Scoilnet ag https://www.scoilnet.ie/, tá acmhainní don chianfhoghlaim, le rochtain sa bhaile, mar aon le naisc chuig seirbhísí tacaíochta na Roinne a bhaineann leis na dúntaí scoileanna.
- Tá an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) tar éis ábhair a ullmhú chun tacú le hiar-bhunscoileanna ina ngafacht le scoláirí agus tá fáil orthu siúd anseo.

- Cuireann Webwise ag https://www.webwise.ie raon acmhainní teagaisc saor in aisce ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chlúdaíonn raon topaicí lena n-áirítear cibearbhulaíocht, íomhánna a roinnt, na meáin shóisialta agus eile. Tá raon acmhainní á ofráil ag Webwise chun cuidiú le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus sa bhfoghlaim mar aon le heolas agus comhairle do thuismitheoirí agus caomhnóirí agus do na leanaí féin.

### Acmhainní eile

- Ar leathanach gréasáin na FSS Seirbhísí Tacaíochta Meabhairshláinte do Dhaoine Óga, tá liosta de raon seirbhísí agus acmhainní chun cuidiú le daoine óga déileáil le deacrachtaí agus iad féin a láimhseáil le linn na géarchéime reatha: tá teagmhálacha do Jigsaw; BeLong To; Reach Out; Spunout; Childline; srl. ar an liosta. I measc na dtopaicí a chlúdaítear, tá cleachtadh coirp, gnáthaimh a bhainistiú, imní faoi COVID-19, coimhlint sa teaghlach, agus fanacht i dteagmháil. Tá acmhainní ann freisin do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí.
- Ar shuíomh gréasáin Ionchuimsiú Éireann, tá naisc chuig tacaíochtaí do raon gníomhaíochtaí foghlama lena n-áirítear bileoga oibre atá oiriúnach do dhaltaí le RSO. Tá naisc ann freisin chuig gníomhaíochtaí ar nós físeáin theiripe ar YouTube.
- Dírítear aird na múinteoirí ar an gClár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe na Roinne. Tá na sonraí ar fáil ag an nasc seo: An Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe.